

Próifíl an Róil

Teideal an Phoist: Leas-Stiúrthóir, Ceann Gnóthaí Poiblí agus Cumarsáide

Rannán/Feidhm: Aonad CLO

Freagrach do (teideal an phoist): Príomhoifigeach Dlí (CLO)

Fine Poist: Seirbhísí Corparáideacha

Sruth Gairme: Gairmiúil

Crios Gairme: Bainistíocht / Ceannairí Gairmiúla

Conradh: Buan

****Dáta deiridh d'iarraais 6/6/2025**

Achoimre ar an nGnó

Cuireann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanais ar fáil do Rialtas na hÉireann. I dtús báire ba ghníomhaireacht feidhm aonair í a bhainistigh an Fiachas Náisiúnta agus anois is bainisteoir í ar phunann chasta sócmhainní agus dliteanais phoiblí.

Áirítear orthu sin iasachtaí a fháil thar ceann an Stáitchiste agus bainistíocht an Fhiachais Náisiúnta, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, an tÚdarás um Gheilleagar agus Téarnamh Nua ("RÉnua"), Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann, an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, agus aonad gnó na gCistí um Éire sa Todhchaí de chuid GBCN atá freagrach as an gCiste um Éire sa Todhchaí agus an Ciste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra a bhainistiú.

Sannann GBCN baill foirne freisin don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, do Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) agus do Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann (MTTÉ).

Tá buntáistí den scoth ag baint le bheith ag obair ag GBCN, lena n-áirítear:

- Deiseanna oibre solúbtha lena n-áirítear cianobair agus uaireanta oibre inathraithe
- Clár fairsing folláine
- Deiseanna foghlama agus forbartha den scoth a cheadaíonn forbairt gairme iomlán laistigh den eagraíocht
- Réimse éagsúil tionscnamh: LADT+, Cúrsaí Inscne, Feasacht Míchumais, Spóirt & Sóisialta, Obair Dheonach agus go leor eile
- Aisíoc táillí ballraíochta bliantúla i leith comhaltas gairmiúil

- Meánscéim Pinsin um Shochar Sainithe Gairme

Achoimre ar an Ról
Is ról ceannaireachta sinsearach é an Leas-Stiúrthóir, Ceann Gnóthaí Poiblí agus Cumarsáide, atá freagrach as straitéisí gnóthaí poiblí agus cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá ag teacht le sainorduithe reachtúla agus cuspóirí gnó GBCN, a chuireann dea-cháil agus timpeallacht ghnó dhearfach chun cinn don GBCN. Agus é/í freagrach don Phríomhoifigeach Dlí, oibreoidh an Ceannasaí Gnóthaí Poiblí agus Cumarsáide go dlúth agus i gcomhar leis an bPríomhfheidhmeannach agus le Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin GBCN ar theachtaireachtaí seachtracha eagraíochtúla agus ar chaidrimh le geallsealbhóirí tábhachtacha.
Príomhfhreagrachtaí
• Forbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar straitéisí gnóthaí poiblí agus cumarsáide GBCN, ag cinntiú go bhfuil siad ag teacht le sainorduithe agus cuspóirí gnó GBCN, agus lena spriocanna agus luachanna. • Pleananna réamhghníomhacha a thiomáint chun saincheisteanna casta caidreamh poiblí a bhainistiú, lena n-áirítear saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar GBCN, a cháil agus a shainorduithe éagsúla a shainaithint. • A chinntiú go ndéantar teachtaireachtaí "lárnacha" GBCN a scagadh agus a fhorbairt, lena n-áirítear comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na Gníomhaireachta. • Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chaidrimh le príomhpháirtithe leasmhara seachtracha GBCN, lena n-áirítear ranna rialtais. • Ábhair faisnéise/preasráitis ar ardchaighdeán a ullmhú do lucht féachana ábhartha. • Ullmhú tuarascálacha agus cur i láthair éagsúla de chuid na Gníomhaireachta a chomhordú agus a mhaoirsiú, lena n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil GBCN. • Tacú le bainistíocht shinsearach NTMA le comhairle thráthúil, phraiticiúil agus straitéiseach ó thaobh gnóthaí poiblí agus cumarsáide de réir mar is gá. • A bheith mar phríomhphointe teagmhála le haghaidh fiosrúcháin ó na meáin agus iarratais ar agallaimh, freagraí a chomhordú agus gníomhú mar urlabhraí seachtrach nuair is gá. • Foireann gairmithe cumarsáide a threorú agus a bhainistiú. • Maoirseacht a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin sheachtracha agus ar asraonta meán sóisialta éagsúla GBCN, agus monatóireacht a dhéanamh ar chlúdach sna meáin (lena n-áirítear na meáin shóisialta). • Comhairle agus tacaíocht maidir le gnóthaí poiblí agus cumarsáide a sholáthar do Gníomhaireachtaí Cleamhnaithe GBCN (SBCI agus HBFI) de réir mar is gá. • Tacú le gníomhaíochtaí GBCN eile de réir mar is gá.
Eolas
• Cáilíocht Céime/Máistreachta ag teastáil.

Taithí

- Taithí 10 mbliana ar a laghad in eagraíocht ghairmiúil [go hidéalach] laistigh de ghnóthaí poiblí, cumarsáid nó caidreamh poiblí.
- Cuntas teiste láidir rathúil i réimse na ngnóthaí poiblí corparáideacha, go háirithe laistigh de sheirbhísí airgeadais/gairmiúla.
- Taithí ar straitéisí gnóthaí poiblí éifeachtacha a fhorbairt a chuireann taca faoi chuspóirí gnó.

Scileanna

- Scileanna cumarsáide labhartha den scoth agus an cumas faisnéis chasta a iompú ina teachtaireachtaí soiléire a rachaidh i bhfeidhm ar raon leathan páirtithe leasmhara.
- Scileanna scríofa ar ardchaighdeán agus taithí phraiticiúil i ndréachtú ábhar le húsáid ag feidhmeannaigh shinsearacha.
- Scileanna láidre idirphearsanta agus líonraí inmheánacha agus seachtracha, agus cuntas teiste maidir le caidreamh rathúil a fhorbairt agus tionchar a imirt orthu, le toilteanas am agus iarracht a thiomnú chun na líonraí sin a leathnú agus a dhoimhniú.
- Solúbtha agus sofhreagrúil – in ann déileáil le comhthéacsanna éagsúla agus oiriúnú go tapa do chúinsí atá ag athrú de réir mar is gá.
- Seiftiúil agus cruthaitheach maidir le réitigh a aimsiú agus straitéisí soiléire a fhorbairt a chomhlíonann spriocanna na heagraíochta.
- Ábalta fanacht socair agus stuama faoi bhrú agus dul i ngleic go héifeachtach le cásanna íogaire.
- Saineolas ar uirlisí agus ardáin chumarsáide, lena n-áirítear monatóireacht ar na meáin, córais bhainistíochta inneachair agus uirlisí bainistíochta meán sóisialta.

Laghdú Pinsin

Má bhí an ceapaí fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe sin agus má tá pinsean á fháil aige/aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó má chuirtear tús le híoc pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí le linn a t(h)réimhse athfhostaíochta beidh an pinsean sin faoi réir ag laghdú i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Tabhair faoi deara: Trí iarratas a chur isteach ar an bpost seo admhaíonn tú go dtuigeann tú go mbeidh na forálacha um laghdú pinsin infheidhme, nuair atá siad ábhartha. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig/Comhlacht fostaíochta le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe maidir le ceapacháin chuig an bpost seo.

Ceanglófar ar iarratasóirí Dearbhú Réamhfhostaíochta a chomhlánú chun daingniú a thabhairt i dtaobh ar bhain siad leas as scéim pinsin na hearnála poiblí roimhe seo.

Tá GBCN bródúil as a bheith ina fostóir comhdheiseanna. Aithnímid go gcuireann ionad oibre ilchineálach agus ionchuimsitheach bonn eolais faoi chinnteoireacht níos fearr, smaointeoireacht chruthaitheach, nuálaíocht agus go spreagann sé feidhmíocht ghnó. Táimid tiomanta go láidir do chinntiú go bhfuil ár lucht saothair ionadaíoch ar ár sochaí.

Is féidir socruithe riachtanacha a dhéanamh ag céim an agallaimh chun freastal ar riachtanais iarrthóirí faoi mhíchumas. Má bhíonn deacrachtaí agat do CV a uaslódáil ar líne nó rochtain iomlán a fháil ar aon fhaisnéis ar an suíomh seo, seol ríomhphost chuig recruitment@ntma.ie

